



# **PRÓTACAL CHUN DÉILEÁIL LE GEARÁIN DÉANTA I GCOINNE BALL TOFA DE CHOMHAIRLE CONTAE ÁTHA CLIATH THEAS**

**Beartais agus Nósanna Imeachta**

**Meán Fómhair 2022**

## Clár na nÁbhar

<b>1.0</b>	<b>Réamhrá .....</b>	<b>2</b>
<b>2.0</b>	<b>Gearáin .....</b>	<b>2</b>
<b>3.0</b>	<b>Próiseáil an Ghearáin .....</b>	<b>3</b>
<b>4.0</b>	<b>Gníomhartha .....</b>	<b>4</b>
<b>4.1</b>	<b>Tuarascáil ar Imscrúdú .....</b>	<b>4</b>
<b>4.2</b>	<b>Atreorú chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí .....</b>	<b>5</b>
<b>4.3</b>	<b>Atreorú chuig An Garda Síochána .....</b>	<b>6</b>
<b>4.4</b>	<b>Aon Ghníomh eile a Mheastar atá Oiriúnach .....</b>	<b>6</b>
<b>5.0</b>	<b>Aistarraingt Gearáin .....</b>	<b>7</b>
<b>6.0</b>	<b>Achomharc .....</b>	<b>7</b>

# PRÓTACAL CHUN DÉILEÁIL LE GEARÁIN DÉANTA I GCOINNE BALL TOFA DE CHOMHAIRLE CONTAE ÁTHA CLIATH THEAS

Scríobhadh an prótocal seo ag féachaint do Chód Iompair na gComhairleoirí atá foilsithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, agus d'Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú ag Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, agus le tagairt shonrach do Chuid 15 Creat Eiticiúil don tSeirbhís Rialtais Áitiúil.

Tá sé beartaithe go mbeidh an prótocal seo in úsáid chun déileáil le gearáin a bhaineann le Cód Iompair na gComhairleoirí a bheith á shárú. Déileálfar le gearáin a mheastar a bhaineann le beartais agus nósanna imeachta eile de réir na mbeartas agus na nósanna imeachta sin e.g. Beartas agus Nósanna Imeachta maidir le Dínit san Ionad Oibre.

## 1.0 Réamhrá

Sonraítear i gCód Iompair na gComhairleoirí prionsabail agus caighdeáin iompair, measa, dínite, comhionannais agus ionracais do Chomhairleoirí, atá le cur san áireamh fad is atá a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu agus i ndáil leis an ngaol atá acu lena chéile, le fostaithe de chuid na Comhairle agus leis an bpobal. Tá sé beartaithe go mbeidh eolas don phobal sa chód maidir leis an gcineál iompair is féidir leo a bheith ag súil leis ó ionadaithe tofa agus ionas gur féidir leis an bpobal muinín a bheith aige as an rialtas áitiúil.

## 2.0 Gearáin

D'fhéadfadh go mbeadh cás ann nuair atá duine den tuairim nár comhlíonadh na caighdeáin atá sonraithe sa Chód agus tá próiseas bunaithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun scrúdú nó imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin maidir le hiompar Comhairleora agus faoinar féidir cinntí maidir le gearáin maidir le hiompar Comhairleora a dhéanamh.

- 2.1 Ba cheart gearáin maidir le hiompar Comhairleoirí de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a dhéanamh i scríbhinn agus a chur faoi bhráid Chláraitheoir Eitice Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath nó iad a sheoladh trí r-phost chuig [rmcgarry@sdblincoco.ie](mailto:rmcgarry@sdblincoco.ie)
- 2.2 Tá foirmeacha gearáin ar fáil ó Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ar an suíomh gréasáin (<https://www.sdcc.ie/en/services/our-council/governance-framework/codes-of-conduct/>) nó is féidir iad a sheoladh tríd an bpost/trí r-phost ar iarratas.
- 2.3 Ba cheart go mbeadh na sonraí seo a leanas luaite i ngearán maidir le haon sárú líomhnaithe ar Chód Iompair na gComhairleoirí:
  - a) Ainm, seoladh agus sonraí teagmhála an ghearánaigh.
  - b) Ainm an Chomhairleora - Cé faoi a bhfuil an gearán á dhéanamh.

- c) Sonraí maidir le mí-iompar nó sárú líomhnaithe Chóid Iompair na gComhairleoirí, lena n-áirítear más féidir, dátaí, sonraí maidir le finnétithe, sliocht ábhartha den Chóid Iompair a chreideann tú a d'fhéadfadh a bheith sáraithe ag an gComhairleoir agus aon fhaisnéis thacaíochta nó ábhartha eile.
- 2.4 Más léir ón ngearán go bhfuil aon cheann acu seo a leanas i gceist ní féidir leanúint ar aghaidh leis an líomhain a bhreithniú:
- a) Ní Ball de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath é an Comhairleoir, ábhar an ghearáin, nuair a tharla sárú líomhnaithe an chóid iompair.
  - b) Sa chás gurb ionann sárú líomhnaithe an chóid iompair agus leanúint ar aghaidh le cás / tacar imthosca atá á bhreithniú ag an gCláráitheoir Eitice faoi láthair.
  - c) Sa chás go breithníodh sárú líomhnaithe an chóid iompair roimhe seo.
  - d) Taifeadtar gearáin anaithnide ach go ginearálta ní dhéantar imscrúdú orthu. Féadfar gearán anaithnid a imscrúdú, áfach, má bhaineann sé le ní atá tromchúiseach nó suntasach agus sa chás go bhfuil dóthain sonraí prima facie nó fianaise thacaíochta ann chun an teagmhas a scrúdú / a imscrúdú.
  - e) Sa chás go bhfuil sárú líomhnaithe an chóid iompair mionchúiseach agus nach mbeadh gá le himscrúdú.
  - f) Sa chás go mbaineann an gearán le ní príobháideach/sibhialta.
- 2.5 Déanfar an gearán a admháil laistigh de thréimhse 10 lá ón dáta a bhfaightear an gearán.
- 2.6 Sa chás nach ndéantar breithniú breise ar ghearán de réir mhír 2.4 thuas, ceadófar don ghearánach an cinneadh gan scrúdú/imscrúdú a dhéanamh a achomharc, trí fhaisnéis bhreise a sholáthar laistigh de 10 lá ón dáta atá luaite ar litir an Chláráitheora Eitice.
- 2.7 Cuirfidh an Cláráitheoir Eitice in iúl don Chomhairleoir a bhí faoi réir an ghearáin, go bhfuil gearán faighte agus go bhfuil cinneadh déanta ag an gCláráitheoir Eitice.
- 2.8 Ní mór caitheamh faoi rún daingean leis an bhfaisnéis ar fad a fhaightear i rith an phróisis agus ní mór ceanglais Acht um Chosaint Sonraí, 1988 agus Acht um Chosaint Sonraí, 2003, agus Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 a chomhlíonadh.

### 3.0 Próiseáil an Ghearáin

- 3.1 Nuair a chuirtear in iúl don Chláráitheoir Eitice go bhfuil sárú féideartha luaite le Comhairleoir i ndáil le foráil de Chuid 15 d'Acht Rialtais Áitiúil, 2001, tá an dualgas air nó uirthi an t-eolas sin a chur faoi bhráid Phríomhfheidhmeannach agus Ard mhéara Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (nó an Príomhfheidhmeannach má bhaineann an ní leis an Ard mhéara). Is faoin bPríomhfheidhmeannach agus faoin Ard mhéara (nó an Príomhfheidhmeannach, de réir mar is cuí) atá sé breithniú a dhéanamh ar an ngníomh ba cheart a dhéanamh de réir na reachtaíochta.
- 3.2 Nuair a dhéantar scrúdú ar an ngearán, féadfaidh an Príomhfheidhmeannach agus an tArd mhéara (nó Príomhfheidhmeannach, más cuí) cinneadh a dhéanamh an gearán a réiteach go neamhfhoirmiúil seachas imscrúdú foirmiúil a dhéanamh agus tá sonraí maidir le

moltaí/gníomhartha féideartha le fáil ag 4.4 thíos. Ina leithéid sin de chásanna, b'fhéidir nach mbeadh aon toradh ann a thabharfadh le fios gur theip ar an gComhairleoir Cód Iompair na gComhairleoirí a chomhlíonadh.

3.3 Sa chás go ndéanann an Príomhfheidhmeannach agus an tArdmhéara (nó an Príomhfheidhmeannach, de réir mar is cuí) an cinneadh leanúint ar aghaidh le himscrúdú, mar atá mionsonraithe ag 4.0 thíos, cuirfear in iúl don ghearánach go gcuirfear a g(h)earán faoi bhráid an Chomhairleora, ábhar an ghearáin.

3.4 Cuirfidh Príomhfheidhmeannach agus Ardmhéara Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar atá sonraithe ag 3.1 thuas, fógra chuig an gComhairleoir ag cur in iúl dó nó di go bhfuil gearán déanta faoi nó fúithi agus tabharfar deis don Chomhairleoir ábhartha fianaise nó sonraí a chur ar fáil, laistigh de 10 lá, chun cabhrú leis nó léi a c(h)ás féin a mhíniú.

Tá Comhairleoir atá faoi réir gearáin i dteideal nósanna imeachta córa. Cuirfear an méid seo a leanas in iúl go foirmiúil i scríbhinn do Bhall tofa a bhfuil gearán nó líomhain déanta ina c(h)oinne maidir le sárú Chód Iompair na gComhairleoirí:

- Tá gearán déanta ina c(h)oinne.
- Cuirfear cóip, nó cóip fholaithe, más cuí, den ghearán ar fáil dó nó di.
- Ní dhéanfaidh an Chomhairle aon tátail go dtí go mbíonn imscrúdú déanta ar na fíricí.
- Táthar ag súil go gcabhróidh sé nó sí leis an imscrúdú a mhéad agus is féidir le réasún.
- Is féidir leo duine dá rogha a ainmniú le bheith i láthair má tá agallamh le réachtáil.
- Tá an ceart aige nó aici chun freagra a thabhairt/ráiteas a dhéanamh maidir leis an ngearán, i scríbhinn nó ó bhéal.
- Urramófar a mhéad is féidir le réasún, rúndacht an phróisis agus a p(h)ríobháideachtas.

3.5 Chomh maith leis sin, breithneoidh Príomhfheidhmeannach agus Ardmhéara na Comhairle an gníomh ba cheart a dhéanamh

D'fhéadfaí go n-áireofaí i measc na ngníomhartha:

- a) Ní dhéanfar aon ghníomh breise, de bhrí nach bhfuil aon fhianaise curtha ar fáil maidir le sárú an Chóid Iompair, nó de bhrí go meastar, bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil, nach bhfuil imscrúdú an ghearáin tuillte.
- b) Féadfar glacadh le cur chuige neamhfhoirmiúil le haghaidh nithe nach bhfuil chomh tromchúiseach sin. (Tagair do 4.4)
- c) Imscrúdú a dhéanamh ar an ní. (Tagair do 4.0)
- d) Atreorú chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. (Tagair do 4.2)
- e) Atreorú chuig An Garda Síochána. (Tagair do 4.3)
- f) Aon ghníomh eile a bhreithnítear atá cuí sna himthosca. (Tagair do 4.4).

## 4.0 Gníomhartha

### 4.1 Tuarascáil ar Imscrúdú

4.1.1 Déanfaidh Príomhfheidhmeannach agus Ardmhéara Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an méid seo a leanas:

- a) Cinnteofar go n-ullmhaítear Téarmaí Tagartha do ‘Tuarascáil ar Imscrúdú’ i scríbhinn (roimh ullmhú na Tuarascála ar Imscrúdú).
- b) Cinnteofar go seolfar a leithéid de thuarascáil chuig an gCláraitheoir Eitice agus go mbeidh an tuarascáil sin á coimeád aige nó aici.
- c) Tabharfar an tuarascáil do:
  - i) An Comhairleoir (an duine is ábhar don imscrúdú)
  - ii) An Duine a rinne an gearán

4.1.2 Sa tuarascáil faoi 4.1.1 (a) féadfar torthaí an imscrúdaithe a shonrú i ndáil leis na cinntí déanta faoi na nithe seo a leanas:

- a) Cibé acu an raibh nó nach raibh sé indéanta bunús a thabhairt don ggearán.
- b) Cibé acu an mb’fhéidir gur sháraigh nó nár sháraigh an Comhairleoir ábhartha Cód Iompair na gComhairleoirí agus cibé acu an bhfuiltear nó nach bhfuiltear ag leanúint leis an sárú.
- c) I gcásanna ina n-aimsítear sa tuarascáil nár sháraigh an Comhairleoir ábhartha an Cód Iompair, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an duine nó na daoine dá dtagraíonn an tuarascáil dó nó di nó dóibh den tuairim go raibh an gearán suaibhreasach nó cráiteach nó nach raibh aon fhorais réasúnacha ann.
- d) I gcásanna ina sonraítear sa tuarascáil go bhfuil an sárú ag leanúint ar aghaidh, na céimeanna atá le cur i gcrích ag an gComhairleoir d’fhonn a chinntiú go bhfuil an Cód Iompair do Chomhairleoirí á chomhlíonadh agus an tréimhse ama inar cheart na céimeanna a chur i gcrích chun comhlíonadh a chinntiú.
- e) Cibé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh an sárú de thaisme/gan chuimhneamh, go failíoch, go meargánta nó d’aon turas.
- f) Cibé acu an raibh nó nach raibh an sárú, sna himthosca ar fad, tromchúiseach nó an ní beag a bhí ann.
- g) Cibé acu ar ghníomhaigh nó nár ghníomhaigh an Comhairleoir de mheon macánta agus mar a chreideann sé nó sí go raibh a g(h)níomh de réir Chód Iompair na gComhairleoirí.
- h) Sna himthosca nuair nach féidir cinneadh a dhéanamh, na cúiseanna nárbh fhéidir cinneadh a dhéanamh.

## 4.2 Atreorú chuig an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí

4.2.1 Tá úsáid bainte ag Príomhfheidhmeannach agus Ardmhéara Chomhairle Cathrach Baile Átha Cliath as gach bealach áitiúil eile san imscrúdú mar atá sonraithe ag 3.1 thuas, agus tá siad den tuairim gur cheart an ní a atreorú chuig an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, agus déanfaidh siad an méid seo a leanas:

Ullmhóidh siad tuarascáil i scríbhinn maidir leis an ní a chuirfidh siad ar fáil le haon doiciméad ábhartha eile nó aon rud ábhartha eile atá ina seilbh don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí.

*Tabhair faoi deara: Déanann an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí maoirseacht ar Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 2001, Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (Cuid 15 den Chreat Eiticiúil do Sheirbhís Rialtais Áitiúil) agus Rialachán an Achta um Brústocaireacht a Rialáil, 2015.*

4.2.2 Sa chás go mbaineann tuarascáil atá ullmhaithe ag an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí le:

- a) Ardmhéara Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, tabharfar cóip den tuarascáil do Leas-Ardmhéara Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus do Phríomhfheidhmeannach na Comhairle.
- b) aon Chomhairleoir eile de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, tabharfar cóip den tuarascáil don Ardmhéara agus do Phríomhfheidhmeannach na Comhairle.

4.2.3 Sa chás go dtugtar Tuarascáil ón gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí d'Údarás Áitiúil, breithneoidh an Chomhairle Tofa an tuarascáil.

## 4.3 Atreorú chuig An Garda Síochána

Tá an Príomhfheidhmeannach agus an tArdmhéara, i rith an imscrúdaithe nó nuair a dhéantar tátal maidir leis an imscrúdú, den tuairim go bhfuil faisnéis aige nó aici arb eol dó nó di nó a chreideann sé nó sí a d'fhéadfadh a bheith ina cúnamh ábhartha chun cosc a chur ar an gcoimisiún ar aon duine eile de chion iomchuí, nó maidir le gabháil, ionchúiseamh nó ciontú aon duine eile mar gheall ar chion iomchuí, ba cheart dóibh an fhaisnéis sin a nochtadh a luaithe is indéanta. Ar an mbonn seo, féadfaidh siad tuarascáil i scríbhinn a ullmhú maidir leis an ní agus an tuarascáil a chur ar fáil i dteannta le haon doiciméad ábhartha nó aon rud eile ábhartha atá ina seilbh don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus/nó comhlacht eile ag a bhfuil cumhacht agus feidhm reachtúil chun imscrúdú a dhéanamh ar nithe áirithe.

Cuirfear sos leis an Tuarascáil ar Imscrúdú, atá mionsonraithe ag 4.1 thuas, agus ní chuirfear críoch léi go dtí go gcríochnaíonn an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus/nó comhlacht eile an t-imscrúdú reachtúil ábhartha.

## 4.4 Aon Ghníomh eile a Mheastar atá Oiriúnach

Féadfaidh an Príomhfheidhmeannach agus an tArdmhéara a dtagraíonn an gearán dóibh, mar atá sonraithe ag 3.1, cinneadh eile a dhéanamh maidir le haon ghníomh eile a mheastar atá cuí, mar mhalairt ar imscrúdú nó iarracht a dhéanamh an gearán a réiteach go neamhfhoirmiúil. Ina leithéid sin de chásanna, b'fhéidir nach mbeadh aon toradh ann a

thabharfadh le fios gur theip ar an gComhairleoir Cód Iompair na gComhairleoirí a chomhlíonadh.

Áirítear i measc na ngníomhartha féideartha a d'fhéadfaí a bhreithniú:

- a) Moladh go ndéanfadh an Comhairleoir cúrsa oiliúna.
- b) Moladh go nglacfadh an Comhairleoir agus an gearánach ábhartha páirt i bpróiseas idir-réitigh / eadrána.
- c) Athruithe maslacha ar nósanna imeachta na Comhairle má tá siad mar bhonn leis an ngearán.
- d) Nóta i scríbhinn a sheoladh chuig an gComhairleoir ábhartha chun forálacha Chód Iompair na gComhairleoirí a mheabhrú dó nó di.
- e) Nóta i scríbhinn a sheoladh chuig an gComhairleoir ábhartha ag moladh go ngabfaí leithscéal leis an ngearánach.
- f) Nóta i scríbhinn a sheoladh chuig an mBall is ábhar don ghearán chun ceanglais Chuid 15 den Chreat Eiticiúil do Sheirbhís Rialtais Áitiúil a mheabhrú dó nó di.

## 5.0 Aistarraingt Gearáin

Sa chás gur mian le gearánach gearán a aistarraingt nuair atá tús curtha le gearán, féadfaidh an duine nó na daoine, dá dtagraíonn an gearán dó nó di nó dóibh, mar atá sonraithe ag 3.1, cinneadh a dhéanamh cibé maidir leis an iarratas a cheadú nó gan an t-iarratas a cheadú. Breithneoidh an duine nó na daoine a gcuirfean an gearán faoina bhráid nó faoina bráid nó faoina mbráid:

- a) Cibé acu an mó nó nach mó leas an phobail sa ghníomh a dhéanamh ná mian an ghearánaigh an gearán a aistarraingt.
- b) Cibé acu an féidir nó nach féidir an gníomh a dhéanamh gan rannpháirtíocht an ghearánaigh.

Tabhair faoi deara: Coimeádann an gearánach nó an Comhairleoir, an duine is ábhar don ghearán, an ceart an gearán a atreorú chuig an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí am ar bith.

## 6.0 Achomharc

Mura bhfuil gearánach sásta le toradh an bhreithnithe a rinne an duine nó na daoine a dtagraítear an gearán dó nó di nó dóibh ar an ní, mar atá sonraithe ag 3.1 thuas, féadfaidh sé nó sí gearán a sheoladh chuig:

**An Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí,  
6 Ardán Phort an Iarla,  
Naomh Caoimhín,  
Baile Átha Cliath 2,  
D02 W773.**